Scoláirí, Tuismitheoirí agus Scoileanna

- Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí do Scoileanna a fhorbairt

(Doiciméad mínitheach é seo ina leagtar amach an bunús chun cairt reachtúil a thabhairt isteach i ngach scoil. Trí threoirlínte reachtúla a ullmhú, obair a mbeidh na comhpháirtithe oideachais bainteach léi, socrófar an caighdeán náisiúnta dá mbeidh i ngach cairt.)

Réamheolas

Bíodh agus go ndéantar forálacha áirithe san Acht Oideachais 1998 ar féidir leo treoir a thabhairt agus tionchar a imirt ar an gcaidreamh idir scoil agus a cuid scoláirí agus a dtuismitheoirí, ní chuireann sé aon chur chuige comhtháite ná haon straitéis ar fáil chun an tslí ina bhfreastalaíonn scoileanna ar scoláirí agus tuismitheoirí a fheabhsú. Tá teorainn ar na forálacha reachtacha a dhéanann iarracht chun a leagan amach a bhféadann scoláirí agus tuismitheoirí a bheith ag súil leis ó scoileanna. Iad siúd atá ann, ní thacaíonn aon phrionsabail leo a d'fhéadfadh cleachtas a threorú, cabhrú le caighdeáin a chur agus cur leis an leibhéal ina bhfuil scoileanna freagrúil dá gcuid riachtanas agus dóchais.

Trí fhoráil a dhéanamh go sonrach do chúiseanna gearáin agus achomhairc ó scoláirí agus tuismitheoirí aithnítear san Acht go bhféadfadh deacrachtaí teacht chun cinn. Tá fócas cúng ag an bhforáil reachtach in Alt 28 áfach, agus é dírithe ar nósanna imeachta a bhunú chun cúiseanna gearáin nó achomhairc a phróiseáil tráth agus a bhfuil siad tar éis eascairt. Is faoi bhainistiú an phróisis um fhreagairt do ghearán atá sé. Ní hionann é seo agus cur le bainistiú fadhbanna i scoil ar shlí eile agus sula n-eascraíonn cúiseanna gearáin astu.

De mhalairt air seo is féidir cur chuige reachtach a ghlacadh a d'fhéadfadh athrú cultúir a chothú i scoileanna maidir leis an gcaidreamh le scoláirí agus tuismitheoirí.

Achoimre ar fhorálacha atá ann cheana san Acht Oideachais 1998 maidir le scoláirí agus tuismitheoirí.

Forálann Alt 26 den Acht Oideachais 1998 gur féidir le cumainn tuismitheoirí i scoileanna aitheanta leasa na scoláirí a chur chun cinn. In áiteanna ina bhfuil cumann tuismitheoirí ar bun is féidir leis gnó ar bith faoin scoil a chur in iúl don bPríomhoide nó do bhord na scoile agus ní mór don bPríomhoide nó don mbord aird a thabhairt don gcomhairle sin. Is féidir le cumann na dtuismitheoirí glacadh le clár gníomhaíochtaí a chuireann rannpháirtíocht na dtuismitheoirí chun cinn.

In Alt 27 den Acht éilítear go gcoinníonn bord nósanna imeachta chun críocha scoláirí a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí na scoile. Lena chois sin forálann sé gur féidir le scoláirí iarbhunscoile comhairle scoláirí a bhunú. Ní mór do bhord bainistíochta iarbhunscoile tacú le bunú comhairle scoláirí, é a éascú agus cabhair réasúnta a

thabhairt do scoláirí ar mian leo comhairle a chur ar bun. Tá cumhacht ag an gcomhairle scoláirí rannpháirtíocht na scoláirí i ngnóthaí na scoile a chur chun cinn ach ag an am céanna ní mór di leasa na scoile a chur chun cinn. D'fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnta go gcuirfí comhairle scoláirí ar bun ar an gcéad dul síos d'fhonn leasa agus tuairimí na scoláirí a chur chun cinn seachas iallach dlí a chur uirthi leasa na scoile a chur chun cinn.

Déanann Ailt 26 agus 27 forálacha áirithe do thuismitheoirí agus scoláirí dul i ngleic le scoileanna mar ghrúpa i dteannta a chéile trí eagraíocht ionadaíoch níl aon fhoráil uileghabhálach eile san Acht Oideachais a threoraíonn nó atá mar bhonn eolais ag teagmháil idir scoil agus scoláirí aonair na scoile agus a dtuismitheoirí.

Tá roinnt forálacha scaipthe ar fud an Achta i dtaobh tuismitheoirí agus scoláirí. Mar shampla, faoi Alt 9 (e) áirítear ar chuspóirí an Achta cearta tuismitheoirí a chur chun cinn a gcuid páistí a chur chuig scoil dá rogha féin. De réir Ailt 9 (d) is feidhm de chuid na scoile í forbairt na scoláirí idir mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta a chur ar fáil agus oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh i gcomhairle lena dtuismitheoirí le haird ar spiorad sainiúil na scoile. In Alt 9 (g) tá foráil um rochtain a bheith ag tuismitheoirí ar thaifid atá á gcoinneáil ag an scoil ar dhul chun cinn an scoláire. Leagann Alt 15 (1) an dualgas ar bhord scoile an scoil a bhainistiú thar ceann an phátrúin agus chun *leasa na scoláirí agus a dtuismitheoirí* (béim curtha leis) ach ní luaitear conas a chinnteodh an scoil na mionsonraí maidir le cad a rachadh chun leasa na scoláirí nó na dtuismitheoirí ná conas a d'fhéadfadh scoláirí nó tuismitheoirí rannpháirtiú go díreach i rudaí a aithint a mheasfaidís a bheith chun a leasa féin.

Déanann Ailt 20 agus 21 foráil d'fhaisnéis a thabhairt do thuismitheoirí agus do chomhairliúchán leo faoin bplean scoile. Lena chois sin luann an tAcht mar fheidhm de chuid an Phríomhoide go leagann sé/sí cuspóirí síos don scoil i gcomhar le tuismitheoirí agus scoláirí (iad a bheith oiriúnach dá n-aois agus taithí go pointe), monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí sin agus rannpháirtiú na dtuismitheoirí agus scoláirí in oideachas na scoláirí sin agus i mbaint amach cuspóirí na scoile a spreagadh.

Forálann Alt 28 den Acht gur féidir le tuismitheoir scoláire faoi bhun 18 mbliana d'aois nó scoláire a bhfuil 18 mbliana slánaithe aige achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh múinteora nó baill eile d'fhoireann na scoile nó go n-éistear le cúis gearáin maidir leis an scoil. Forálann sé go bhféadfadh an tAire nósanna imeachta a ordú chun críocha Ailt 28 agus dá ndéanfadh an tAire amhlaidh tá ar an Aire aird a thabhairt air gur inmhianta an rud é cinneadh ar achomhairc a dhéanamh agus cúiseanna gearáin a

réiteach sa scoil lena mbaineann. Ní leagtar amach aon bhreathnuithe ná haon phrionsabail eile sa reachtaíocht reatha áfach, nach mór don Aire a ghlacadh san áireamh nó cloí leo dá mba rud é go n-ordódh sé nósanna imeachta. Bíodh is nár baineadh úsáid as an gcumhacht ordaithe a dhéanamh úsáideann na scoileanna réimse nósanna imeachta i gcónaí atá forbartha ag forais bhainistíochta scoile agus ag na ceardchumainn mhúinteoirí.

Príomhghnéithe na reachtaíochta nua

Molann an tAire forálacha dlí nua a chur in ionad na bhforálacha reatha atá in Alt 28. Beidh na forálacha nua dírithe ar chur chuige níos comhtháite a chruthú sa chóras scoile maidir leis na nithe a bhféadfadh scoláirí agus tuismitheoirí a bheith ag súil leo ó scoileanna, cén caidreamh a bheidh ag scoileanna le scoláirí agus a dtuismitheoirí; agus maidir leis na caighdeáin a chuirfidh scoileanna i bhfeidhm i dtaobh fónamh do scoláirí agus a dtuismitheoirí.

Beidh roinnt príomhghnéithe ag gabháil leis an Alt 28 nuabheartaithe:

Ar dtús, is é an cur chuige ar an iomlán go n-imeofar ó bheith ag díriú ar fhreagairt d'fhadhbanna tar éis dóibh cúiseanna gearáin a tharraingt. Ina ionad sin leagtar béim ar fheabhas a chur ar an eispéireas a bhféadfaidh na scoláirí agus a dtuismitheoirí a bheith ag súil leis ó na scoileanna ó lá go chéile. Déanfar é seo tríd na prionsabail a leagan síos i bhfoirm dlí nach mór do scoileanna a chur i bhfeidhm sa chaidreamh atá acu le scoláirí agus tuismitheoirí;

An dara rud, tá dualgas ó thaobh dlí de ar gach scoil cairt tuismitheoirí agus scoláirí a bheith aici. Iarrfaidh an reachtaíocht nua go gcloífidh an chairt i ngach scoil le treoirlínte a fhoilseoidh an tAire. Ceapfar na treoirlínte chun éifeacht a thabhairt do na prionsabail atá leagtha amach sa reachtaíocht nua agus forbrófar iad i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais;

An tríú rud, glacfaidh an tAire cumhacht chun ordú a thabhairt do scoil déanamh de réir na dtreoirlínte foilsithe. Déantar é seo chun a chinntiú gur féidir leis an Aire ordú a thabhairt do scoileanna a éilíonn orthu na treoirlínte foilsithe a chomhlíonadh mura bhfuil siad ag oibriú go héifeachtach i dtaobh na treoirlínte a úsáid.

An ceathrú rud, lena chois sin molann an tAire roinnt athruithe sa mbreis a dhéanamh ar an Acht Oideachais, 1998. Is é an chéad athrú ná alt 9 den Acht Oideachais 1998 a leasú chun riachtanas a chur san áireamh le feidhmeanna na scoile go bhfuil ar scoil rannpháirtíocht tuismitheoirí agus scoláirí san oideachas a chuirtear ar fáil do scoláirí a chur chun cinn. De bhreis air seo moltar Alt 27(4) a leasú chun an riachtanas a athrú atá ar chomhairle scoláirí sa mhéid nach bhfuil uirthi leas na scoile a chur chun cinn (faoi mar atá an scéal faoi láthair) ach go bhfuil uirthi leasa scoláirí na scoile a chur chun cinn le haird ar spiorad sainiúil agus ar bheartais sainiúla na scoile. Lasmuigh

den dá leasú seo agus na hathruithe a dhéanfar ar Alt 28 fanfaidh gach foráil eile den Acht a bhaineann le tuismitheoirí agus scoláirí mar atá siad.

An reachtaíocht nua agus ról an Ombudsman do Leanaí

Baineann cuid de na forálacha dlí nua le ról an Ombudsman do Leanaí agus le hidirghníomhú idir scoileanna agus an Ombudsman do Leanaí.

Ar na forálacha seo áirítear riachtanas san alt nua, Alt 28, nach mór do scoileanna aird a thabhairt do mholtaí ar bith a dhéanann an Ombudsman do Leanaí nuair a bhíonn fiosrú iomlán foirmiúil curtha i gcrích ag a (h)oifig. Lena chois sin éilíonn sé ar scoil féachaint ar mholtaí nó ar threoir ar bith a thugann an Ombudsman má tá gearán a bhreithniú nó má tá an gnó curtha i gcrích gan fiosrú foirmiúil a bheith déanta.

Forálann an Bille go gcuirfidh an Ombudsman an tAire Oideachais agus Scileanna ar an eolas faoi mholtaí nó treoir ar bith a tugadh do bhord na scoile agus go mbeidh cumhacht ag an Aire treoir a thabhairt don mbord sin maidir leis na gnóthaí atá curtha in iúl don Aire ag an Ombudsman do Leanaí. Faoin mBille is féidir leis an Aire scríobh chuig bord scoile chun a chur in iúl dó go mbeartaíonn sé/sí treoir a thabhairt agus téarmaí na treorach beartaithe mar aon leis na cúiseanna atá leis an treoir a thabhairt. Is féidir le scoil uiríll a dhéanamh leis an Aire laistigh de 14 lá ón dáta ar ar seirbheáladh treoir. Beidh an tAire ag féachaint ar threoracha ar bith a rinneadh dó/di ansin sula dtugann sé/sí treoir chríochnaitheach. Forálann an Bille go gcomhlíonfadh bord scoile treoir a thugann an tAire.

Lena chois sin moltar dhá leasú ar Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002 sa Bhille. Ar dtús, tá beartaithe sa Bhille leasú a dhéanamh ar Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002 d'fhonn a chinntiú go n-áireofar ar réimse cumais fiosraithe an Ombudsman do Leanaí na feidhmeanna nua breise atá ag scoileanna mar thoradh ar an reachtaíocht phríomha athbhreithnithe agus na dtreoirlínte reachtúla a fhoilseoidh an tAire i ndáil le Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí.

De bhreis air seo tá beartaithe sa Bhille athrú a dhéanamh ar Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002 sa mhéid go gcuirfear deireadh leis an bhforáil a éilíonn ar an Ombudsman do Leanaí gan beart a dhéanann scoil a fhiosrú ach amháin má táthar tar éis dul i muinín na nósanna imeachta faoi Alt 28 agus má tá siad ídithe i ndáil leis an mbeart.

Ombudsman

Déileálann Oifig an Ombudsman le líon fíor-bheag gearán in aghaidh na bliana a thagann ó scoláirí iarbhunscoile atá 18 mbliana d'aois nó os a cionn. Maidir le gearáin faoi scoileanna, cuirtear san áireamh leis, go bhfuil ceangal cuí idir Ailt 28 leasaithe agus obair an Ombudsman.

Treoirlínte a fhorbairt do Chairt Tuismitheoirí agus Scoláirí atá ag teacht le Féinmheastóireacht Scoile

Ceapfar na treoirlínte reachtúla a fhoilseoidh an tAire ar an iomlán chun caighdeán a chur thar scoileanna i gcomhair caidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí.

Le haird ar fhéinriar na scoileanna ceadófar sna treoirlínte gnéithe áirithe saintréitheacha scoile sa chairt scoile (m. sh. gnéithe a bhaineann le héiteas agus sainspiorad na scoile). De bhreis air sin tá rogha déanta ag an Aire sa chéad ásc reachtú go n-oibríonn scoileanna faoi threoirlínte reachtúla a fhoilsíonn an tAire agus a fhorbraítear i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais. Ciallaíonn sin go dtabharfaidh an scoil faoi fhéinriar i ndáiríre.

Is dócha go mbeidh éagsúlacht áirithe sa mhéid atá sna dtreoirlínte idir bunscoileanna agus iarbhunscoileanna, go háirithe maidir le caidreamh díreach le scoláirí. Mar shampla, go mbeadh comhairlí scoláirí éigeantach in iarbhunscoileanna ach go mbeadh rogha ag bunscoileanna iad a bhunú nó gan iad a bhunú. Mar sin féin iarrfaí ar bhunscoileanna guth an pháiste a lorg agus éisteacht leis más cuí agus iad i mbun an phróisis chinnteoireachta. D'fhéadfaí idirdhealú mar seo a dhéanamh maidir le scoláirí a ghlacadh isteach i mballraíocht boird bainistíochta (mar bhall iomlán nó mar bhall comhlach).

Is í bunchuspóir na dtreoirlínte ná caighdeáin náisiúnta a chur a shoiléireoidh ar féidir le scoláirí agus tuismitheoirí a bheith ag súil leis ó scoileanna. Fiú amháin má chuireann scoil sainghné scoile san áireamh ní cead go ndéanfadh sé dochar don chuspóir ná don rún foriomlán caighdeáin náisiúnta a chur ná ní cead baint d'ionchas seirbhíse scoláirí agus tuismitheoirí sa scoil sin i gcomparáid leis na caighdeáin náisiúnta.

Leagfaidh na treoirlínte caighdeáin náisiúnta síos i ngnéithe ar leith de shaol na scoile sa mhéid go mbaineann siad le mic léinn aonair agus a dtuismitheoirí agus sa mhéid go mbaineann siad le scoláirí agus tuismitheoirí na scoile i dteannta a chéile chomh maith. Beidh dlúthbhaint ann leis an obair ar Fhéinmheastóireacht Scoile atá ar siúl i scoileanna cheana féin i gcomhar le Cigireacht na Roinne.

Comhlánóidh Féinmheastóireacht Scoile agus cairt tuismitheoirí agus scoláirí a bheith ar fáil a chéile i saol na scoile. Tá Féinmheastóireacht Scoile ríthábhachtach

d'fheabhsú na scoile agus beidh an chairt tuismitheoirí agus scoláirí ina chuid ríthabhachtach chun leas dlisteanach na dtuismitheoirí agus na scoláirí maidir le cáilíocht foghlama na scoláirí a dhaingniú.

Sna treoirlínte a chuireann Cigireacht na Roinne ar fáil chun tacú le scoileanna i bhforbairt Féinmheastóireacht Scoile aithnítear tábhacht an chaidrimh le tuismitheoirí agus foghlaimeoirí ag céimeanna éagsúla an phróiseas Féinmheastóireachta Scoile.

Sainmhínítear Féinmheastóireacht scoile mar phróiseas comhoibritheach athmhachnamhach an athbhreithniú scoile inmheánach. Is léir ó na treoirlínte i gcomhair Féinmheastóireacht Scoile go bhfuil gá le caidreamh agus comhar cuí le scoláirí agus a dtuismitheoirí chun go n-éireoidh leis an bhfiosrú athmhachnamhach scoile seo.

Tabharfaidh an chairt a bheidh á hoibriú ag scoil de réir na dtreoirlínte tacaíocht reachtúil do ról na dtuismitheoirí agus na scoláirí, ní hamháin maidir leis na gnéithe de shaol na scoile a ndéileálann Féinmheastóireacht Scoile leo i scoil ag aon am ar bith ach maidir le gnó ar bith ar ábhar suime nó cúis imní é do na scoláirí agus a dtuismitheoirí am ar bith.

Tá Féinmheastóireacht Scoile ag díriú ar a bhfuil ag tarlú i scoil agus ina cuid seomraí ranga ach níl sé ag díriú ar pháipéarachas. Cosúil leis seo beidh an chairt ag díriú ar na bearta agus ar an gcur chuige a ghlacfadh scoileanna d'fhonn an tseirbhís is fearr a thabhairt do thuismitheoirí agus scoláirí seachas a bheith ag brath ar phróiseas agus doiciméadú. Scoil a ghlacann le coincheap na Féinmheastóireachta Scoile a chiallaíonn go bhfuil síormhachnamh á dhéanamh ar a feidhmíocht, ba chóir go measfadh sí gur cúnamh agus tacaíocht í an chairt chun Féinmheastóireacht Scoile a dhéanamh.

Chun go mbeidh féinmheastóireacht scoile agus an chairt araon éifeachtach ní mór do scoil a bheith ullamh chun síormhachnamh a dhéanamh ar a fheabhas agus atáthar ag fónamh dá scoláirí.

Prionsabail atá le cur san áireamh sa reachtaíocht.

Beidh an chairt a fhoilseoidh gach scoil ina ráiteas ón scoil sin faoin tslí ina bhfónfaidh sí dá scoláirí agus tuismitheoirí. Mar eagraíocht leagfaidh an scoil amach coibhéis cairt seirbhíse custaiméara a dhéanann eagraíochtaí seirbhíse poiblí ar fud an domhain. De réir na gcaighdeán náisiúnta dearbhóidh an scoil do na scoláirí agus na tuismitheoirí cad is féidir leo a bheith ag súil leis ón scoil.

Beidh an chairt a dhéanfaidh na scoileanna bunaithe ar phrionsabail a bheidh cumhdaithe i reachtaíocht phríomha (trí leasú Ailt 28 den Acht Oideachais 1998).

Molann an tAire reachtú i gcomhair na bprionsabal seo a leanas chun treoir a thabhairt maidir leis an tslí ina ndéanfaidh scoileanna caidreamh le scoláirí agus a dtuismitheoirí amach anseo:

- An scoláire a chur i gcroílár saol na scoile agus na torthaí is fearr a chinntiú do gach scoláire i ndáil le foghlaim agus forbairt iomlánaíoch an scoláire trí eispéireas an scoláire ar scoil;

- Meas agus luach a chur ar ról an tuismitheora agus a aithint gur féidir le tuiscint agus rannpháirtiú an tuismitheora i bhfoghlaim agus dul chun cinn an scoláire cur le torthaí feabhsaithe don scoláire;

- Dul i gcomhairle le scoláirí agus tuismitheoirí agus a rannpháirtíocht iomlán maidir le beartais agus pleananna scoile a spreagadh;

- Eolas a chur ar fáil do scoláirí agus tuismitheoirí, cuntasacht maidir le soláthar agus eolas ar fheidhmíocht na scoile san áireamh;

- Dul i gcomhairle le scoláirí agus tuismitheoirí go rialta maidir le costais scoile agus saothrú d'fhonn costais a sheachaint atá ina mbac ar rannpháirtíocht;

- Aiseolas, tuairimí agus breithnithe a lorg ó scoláirí agus tuismitheoirí agus cultúr ina dtugtar cluais éisteachta a chur chun cinn sa scoil;

- Cúirtéis, rúndacht agus comhionannas measa a chinntiú;

- Toiliú na dtuismitheoirí a lorg más cuí;

- Timpeallacht shábháilte a chur ar fáil;

- Dearbhú cáilíochta a oibriú;

- A admháil mar tá bearnaí, easpaí nó spás feabhais ann;

- Iarracht dearfach a dhéanamh chun dul i ngleic le hábhar imní atá ag tuismitheoirí agus ag scoláirí agus cúiteamh a chur ar fáil go toghthach mar is cuí d'fhonn deireadh a chur roimh ré, an oiread agus is féidir, leis an ngá do thuismitheoir nó do scoláire dul i muinín próisis ghearáin;

- Próisis a chur ar fáil chun cúiseanna gearáin agus gearáin a réiteach, eadráin agus leasúchán san áireamh más cuí, agus

- Nósanna imeachta a bheith acu lena n-áirítear toradh gearáin, na cúiseanna atá le toradh agus an bonn ar ar shroich an scoil an toradh a mhíniú.

Na Treoirlínte Reachtúla a fhorbairt de réir na bprionsabal atá leagtha síos sa reachtaíocht phríomha.

Cuirfidh an reachtaíocht nua ar chumas an Aire treoirlínte reachtúla a fhoilsiú nach mór do scoil cloí leo agus a cairt tuismitheoirí agus scoláirí á forbairt aici. Tá sé ar intinn ag an Aire iarraidh ar na comhpháirtithe oideachais tabhairt faoi ullmhú na dtreoirlínte a fhoilseoidh sé faoi dheireadh thiar. Tabharfaidh an tAire cuireadh do na comhpháirtithe (na comhairlí tuismitheoirí náisiúnta, comhlachtaí bainistíochta scoile, ceardchumainn mhúinteoirí agus líonra/cumann na bpríomhoidí scoile) páirt a ghlacadh i meitheal oibre a oibreoidh ar bhonn atá cosúil le rud ar éirigh leis roimhe seo chun treoirlínte do scoileanna a ullmhú. Mar chuid den obair ullmhúcháin gabhfar guth an pháiste go háirithe trí dhul i dteagmháil le comhairlí scoláirí agus cumainn náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar scoláirí. Lena chois sin tá ar intinn an Aire go mbeidh an Roinn i dteagmháil le hoifig Fear an Phobail do Leanaí maidir leis na treoirlínte.

Leagfaidh na Treoirlínte síos caighdeán náisiúnta agus cabhróidh siad le scoileanna trí theimpléad a chur ar fáil go héifeachtach a úsáidfidh gach scoil agus a cairt á hullmhú aici i gcomhair a foilsithe.

Táthar ag súil go gcumhdóidh treoirlínte na cairte, agus iad forbartha, na gnéithe ginearálta seo a leanas de Chairt go mionsonraithe:

1. Conas a dhéanfaidh an scoil caidreamh le scoláirí agus tuismitheoirí, mar ghrúpa i dteannta a chéile agus ina n-aonair

2. Conas a rachfar i gcomhairle le scoláirí agus tuismitheoirí agus conas a thabharfar cuireadh dóibh chun rannpháirtiú go fóinteach i ngnóthaí a bhaineann le heispéiris an scoláire ar scoil

3. Conas is féidir scoláirí agus tuismitheoirí a chumasú trí eolas a chur ar fáil

4. Conas mar a bheidh an scoil cuntasach do scoláirí agus tuismitheoirí

5. Conas a chuirfear eolas sonraithe ar fheidhmíocht scoile i múineadh agus foghlaim ar fáil.

6. Conas a lorgófar aiseolas agus conas a aithneofar ábhair imní na scoláirí agus na dtuismitheoirí

7. Conas a bhféachfaidh an scoil le bheith freagrach

8. Conas a ndéileálfar le cúiseanna gearáin agus le gearáin.

1. <u>Caidreamh le scoláirí agus tuismitheoirí</u>

Díreoidh an chuid seo de na treoirlínte cairte ar a chinntiú go mbeidh meon oscailte ag gach scoil maidir le héascaíocht a dhéanamh do leas an tuismitheora, agus go bhfáilteoidh sí roimh an obair seo, i ndáil le hoideachas agus dul chun cinn an pháiste ar scoil an oiread is féidir, d'fhonn iarracht a dhéanamh le freastal ar mhian agus roghanna na dtuismitheoirí.

Mar chomhchaighdeán cuirfidh na treoirlínte béim ar an ngá le caitheamh go cairdiúil tuisceanach agus le meas

(i) le tuismitheoirí agus scoláirí i ngach teagmháil a bhíonn acu leis an scoil agus
(ii) go mbeidh feidhm ag rúndacht agus príobháideacht dhaingean i gcás saincheisteanna áirithe. Lena chois sin aithneoidh na treoirlínte cairte an gá ag an scoil le toiliú an tuismitheora a lorg agus a chur i ngníomh más cuí.

2. <u>Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht</u>

Is cuid shainiúil thábhachtach den rannpháirtíocht ná dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus cuireadh a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach sa tslí ina ndéantar beartais agus cleachtais scoile a shocrú. Is é an dúshlán atá roimh na treoirlínte cairte ná a chinntiú go rachfar i gcomhairle le tuismitheoirí faoi ghnóthaí a bhaineann le hoideachas scoláirí ar scoil agus go lorgófar a dtuairimí go réamhghníomhach agus go spreagfar iad chun a gcuid tuairimí a léiriú. Léireofar a rannpháirtíocht i ngach beartas agus cleachtas de réir mar is cuí. Ní mór do na próisis a úsáidfear i gcomhair comhairliúcháin a bheith cuimsitheach chun go gcinnteofar go ndéanfaidh na tuairimí a bhaileofar ó na tuismitheoirí agus ó na scoláirí an oiread ionadaíochta agus is féidir.

Is trí theagmháil le comhairle na scoláirí nó trí mheáin chuí eile chun éisteacht le guth an pháiste a bhainfear amach comhairliúchán atá oiriúnach dá n-aois. Ag an dara leibhéal beidh ar an meitheal oibre leis, cúram a dhéanamh den gceist an mbeidh

rannpháirtíocht iomlán nó rannpháirtíocht i bpáirt ag na scoláirí i gcomhdhéanamh an bhoird bhainistíochta agus conas a d'fhéadfaí an rannpháirtíocht seo a éascú.

3. Na scoláirí agus na tuismitheoirí a chumasú le heolas go ginearálta

Beidh nochtadh an eolais a bheadh ar fáil dá mbeadh reachtaíocht Saoráil Faisnéise i bhfeidhm go hiomlán i ngach scoil mar bhonn eolais ag an gcuid seo den chairt.

Is é an chuspóir a bheidh i gceist ná a chinntiú go mbeidh scoileanna níos oscailte agus go mbeidh cultúr "saoráil faisnéise" acu gan an gá a bheith ann dualgas próisis a bhrú ar scoileanna a d'fhéadadh teacht chun cinn dá mbeadh an reachtaíocht saoráil faisnéise atá ann faoi láthair i bhfeidhm i ngach scoil.

Ní mór go dtabharfar cinnteacht do scoláirí agus tuismitheoirí tríd an gcairt faoin cineál eolas a chuirfear ar fáil dóibh de ghnáth nó conas eolas eile a iarraidh. Is féidir eiseamláirí barrchleachtais atá in úsáid cheana féin ag scoileanna a fhoinsiú mar bhonn eolais don réimse seo de threoirlínte na cairte.

Mar dhaoine aonair tabharfar eolas do thuismitheoirí faoi eispéireas scoile a bpáiste trí thuairiscí deireadh théarma/bhliana, trí chruinnithe tuismitheora/múinteora agus ag amantaí eile más chun leasa an pháiste atá sé sin a dhéanamh. Cuirfear eolas ar fáil do gach scoláire agus tuismitheoir sa scoil go tréimhsiúil nó ar bhonn bliantúil a bhaineann leis na gnóthaí ginearálta scoile seo a leanas, gan é a bheith teoranta don méid seo:

- Eolas do scoláirí
- Cláir ama scoile agus dúntaí scoile
- Bainistíocht Scoile / Ceisteanna maidir le Rialachas
- Beartais Scoile cosúil le cód iompair scoláirí, beartas frithbhulaíochta, cosaint leanaí, riachtanais speisialta
- Beartas iontrála scoile
- Eolas ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim.

4. Cuntasacht

Bainfear cuntasacht do na scoláirí agus na tuismitheoirí amach maidir le feidhmíocht scoile agus gnóthachtáil scoláirí tríd an eolas sainiúil a chuirfear ar fáil ar fheidhmíocht scoile sa Chairt.

Comhlíonfar cuntasacht scoile ar réimse gnóthaí eile trí thuairisciú foirmiúil agus trí ráitis ráthaíochta a fhoilsítear ar bhonn bliantúil. Áireofar air seo:

- Ráiteas airgeadais (lena n-áirítear eolas ar úsáid ranníocaíochtaí deonacha ar bith.)
- Ráthaíocht maidir le nósanna imeachta um chosaint leanaí agus riachtanais um ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chomhlíonadh
- Tuairisciú ar chomhlíonadh i dtaobh na scoilbhliana agus tréimhse an lá/na seachtaine scoile
- Ráthaíocht maidir le múinteoirí cáilithe a bheith fostaithe
- Eolas a chur ar fáil ar líon na ngearán nó na gcúiseanna gearáin ar dhéileáil an scoil leo agus líon na ngearán nó na gcúiseanna gearáin a fhoilsiú gur glacadh le cás na dtuismitheoirí nó gur seasadh leis. Is féidir leis an eolas seo na fadhbanna a shainaithint a ardaíodh agus conas mar a thug an scoil faoi na hábhair imní nó na cúiseanna gearáin agus na leigheasanna a cuireadh ar fáil ar choinníoll gur féidir príobháideacht daoine aonair a chosaint.

5. Eolas sainiúil ar fheidhmíocht scoile maidir le múineadh agus foghlaim

Leagfaidh na treoirlínte síos caighdeáin idirnáisiúnta chun cur chuige seasmhach trédhearcach a chothú i leith eolais ar fheidhmíocht scoile a chur ar fáil do scoláirí agus tuismitheoirí. Cuirfear eolas ar fáil trí thuairisciú bliantúil ón mbord ar an bplean feabhsaithe scoile agus tríd an bpróiseas Féinmheastóireacht Scoile. Maidir le Féinmheastóireacht Scoile, beidh an chumarsáid leis na tuismitheoirí agus na scoláirí ar an tuairisc féinmheastóireachta a chruthaigh an scoil ina huirlis thábhachtach chun tuismitheoirí agus scoláirí a chur ar an eolas faoi láidreachtaí na scoile agus na tosaíochtaí atá curtha ag an scoil maidir lena forbairt agus a fhothóidh an plean feabhsaithe scoile.

6. Aiseolas agus ábhair imní a shainaithint

Is í an chuspóir ná go mbeidh scoileanna níos réamhghníomhaí maidir le tuairimí scoláirí agus tuismitheoirí a dhearbhú agus aiseolas a lorg go dearfach agus meon oscailte a bheith acu i leith ábhair imní nó tuairimí diúltacha.

Lasmuigh de dheiseanna neamhfhoirmiúla chun aiseolas a thabhairt nó ábhar imní a chur in iúl beidh ar scoileanna deiseanna agus sásraí struchtúrtha a thabhairt isteach chun aiseolas a ghabháil ó scoláirí agus tuismitheoirí. Sna treoirlínte leagfar amach roghchlár roghanna a úsáidfidh na scoileanna ina thaobh seo.

Díreofar ar fheabhsuithe nó athruithe a shainaithint a bhfuil gá leo chun foghlaim na scoláirí agus an gnátheispeireas atá acu ar scoil a fheabhsú agus ar féidir leo, dá bhrí sin, a bheith mar bhonn eolais ag féinmheastóireacht scoile agus ag an bpleanáil don am le teacht. Ag leibhéal an seomra ranga sainaithneofar cleachtais ar féidir leo aiseolas ó na scoláirí a chumasú atáthar chun a chomhtháthú i ngnáthghníomhaíocht an seomra ranga.

Cuspóir thábhachtach eile is ea go sainaithneofar go luath ábhair imní chun gur féidir leis an scoil a machnamh a dhéanamh orthu agus freagairt dóibh agus ar an gcuma seo próisis ghearáin fhoirmiúla a íoslaghdú nó a sheachaint.

7. Freagrúlacht

Sna treoirlínte cairte leagfar amach conas ba chóir do scoileanna freagairt d'aiseolas agus ábhar gearáin ar shlí dhearfach a aithníonn aiseolas mar rud luachmhar don scoil agus ar féidir glacadh leis mar threoir atá áisiúil chun feabhas a chur ar mhúineadh agus foghlaim sa scoil.

Glacfaidh scoileanna le cur chuige um dhearbhú cáilíochta agus saothraíonn siad feabhsú leanúnach chun na torthaí is fearr do na scoláirí a chinntiú. I gcomhthéacs an fheabhsaithe leanúnaigh a bheith á shaothrú beidh meon oscailte ag scoileanna i ndáil le heaspaí agus botúin a admháil agus i ndáil le míniú do scoláirí agus tuismitheoirí conas a rachfar i ngleic leo agus conas is féidir leis an scoil an scéal a fheabhsú.

Má tá na hathruithe a bhfuil gá leo faoi na caighdeáin náisiúnta atá leagtha amach sa chairt curtha i ngníomh go cuí ina n-iomláine ba chóir go seachnófaí cás nach bhfuil an scoil ar an eolas faoi mhíshástacht, imní nó ábhar gearáin scoláire nó tuismitheora aonair go dtí go bhfuil ábhar gearáin nó gearán foirmiúil curtha isteach.

Beidh scoil mhachnamhach a oibríonn de réir na gcaighdeán náisiúnta freagrúil i leith ábhar imní ar bith a ardaítear trí aiseolas foirmiúil nó trí theagmháil neamhfhoirmiúil. Déanfar é seo trí admháil go bhfuil gnó ann nach mór aghaidh a thabhairt air nó, de

mhalairt air seo, tuairim na scoile a mhíniú ar shlí réasúnaithe chóir más rud é nach bhfuiltear ar aon aigne le tuairim an scoláire nó an tuismitheora.

De bhreis air seo ba chóir, i scoil mhachnamhach, nár ghá tuismitheoirí a threorú chuig nósanna imeachta gearáin foirmiúla má tá scuaidrín gearán á fháil ag scoil thar am faoin bhfadhb céanna. Mar an gcéanna, maidir le hábhair ghearáin a chuirtear in iúl faoi thearcfheidhmíocht múinteora sa phost reatha, cás ina bhféadfadh an scoil treoir a thabhairt don tuismitheoir úsáid a bhaint as nósanna imeachta foirmiúla, níl sé sin sásúil má tá stair ábhair ghearáin den chineál seo ann agus má ghlacann ceannaireacht nó bainistíocht na scoile go príobháideach leis go bhfuil fadhb ann nach mór aghaidh a thabhairt air ach gan sin a bheith déanta aici.

8. <u>Cúiseanna gearáin agus gearáin.</u>

Ar threoirlínte ar an gCairt áireofar nósanna imeachta chun déileáil le hábhair ghearáin nó le gearáin iarmharacha ar bith agus go gcinnteofar go bhfuil próiseas ann chun freagairt do mhíshástacht nó d'ábhar gearáin leanúnach. Glacfaidh na treoirlínte le cur chuige úr áfach, i leith na nósanna imeachta sin do scoileanna agus cuirfidh siad ar aon dul iad le noirm an phróisis um ábhar gearáin agus gearáin de chuid na seirbhíse custaiméara in eagraíochtaí i gcoitinne.

Ciallaíonn sé seo go n-imeofar i gcuid théagartha ó nósanna imeachta gearáin a úsáidtear i scoileanna faoi láthar, go háirithe iad siúd a fhéachann le déileáil le gearáin maidir le hiompar agus feidhmíocht múinteora. Tá na nósanna imeachta atá ann faoi láthair comhraiceach gan chúis, le fírinne, iarrann siad ar thuismitheoirí feidhmiú mar chúisitheoir agus cuireann siad dualgas cruthúnais nach beag ar an tuismitheoir.

Déanfar idirdhealú tábhachtach idir an bpróiseas ábhar gearáin nó próiseas gearáin foirmiúil a oibríonn idir tuismitheoirí agus scoil (ag déanamh soláthair d'ábhair ghearáin scoláire mar is cuí) agus nósanna imeachta ar bith faoi Alt 24 den Acht Oideachais maidir le feidhmíocht, fionraíocht nó dífhostú fostaithe na scoile. Sa chás deireanach beidh an próiseas ar siúl idir an scoil agus an fostaí agus níl aon pháirt ag na tuismitheoirí seachas fianaise a thabhairt má iarrann an scoil nó an fostaí orthu é.

Baineann an próiseas ábhar gearáin agus gearáin le bearta a ghlacann an scoil agus an tslí inar déileáladh le ceisteanna. Go bunúsach, beidh an próiseas ina chuid de shocruithe gnó na scoile atá dírithe ar fhreagrúlacht i leith an chustaiméara.

Lena chois sin ní mór do na treoirlínte cairte soláthar a dhéanamh do chásanna ina measann scoil go dlisteanach gur cráiteach nó míréasúnta iad na gnóthaí a ardaíodh leis an scoil trí nósanna imeachta gearáin.

Ba chóir do bharrchleachtas chun déileáil le gearáin i scoileanna cloí le prionsabail nó gnéithe atá ar fáil i ngach earnáil idir phoiblí agus phríobháideach.

Agus iad curtha in oiriúint do scoileanna déanfaidh na prionsabail seo:

- Leibhéal sástachta na dtuismitheoirí agus na scoláirí le seachadadh seirbhísí scoile a mhéadú agus caidreamh na dtuismitheoirí / scoláirí leis an scoil a chur chun cinn
- Leas na dtuismitheoirí agus scoláirí a aithint, a chur chun cinn agus a chosaint, rud lena n-áirítear go nglactar leis go mbeidh ábhair imní ag tuismitheoirí agus scoláirí a bhféadfadh gearán foirmiúil a bheith mar thoradh air
- Sásra éifeachtúil, cóir inrochtana a chur ar fáil chun gearáin a réiteach
- Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí agus scoláirí faoin bpróiseas láimhsithe ghearáin agus monatóireacht a dhéanamh ar ghearáin agus
- Iarracht ar fheabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse oideachasúla atá á cur ar fáil.

Chun cloí leis na caighdeáin a chuirtear i bhfeidhm in earnálacha agus in eagraíochtaí eile ní mór do na nósanna imeachta na tástálacha in Aguisín 1 a sheasamh

Aguisín 1 - Tástálacha a úsáidfear chun na caighdeáin do nósanna imeachta ábhair ghearáin agus nósanna imeachta gearáin i scoileanna a mheas

1. Feiceálacht
   Eolas faoin tslí ina ndéantar gearán, cén áit agus cé leis.

2. Inrochtaineacht
   Ba chóir rochtain éasca a bheith ar an bpróiseas do chách. Áirítear air seo eolas faoin bpróiseas a bheith ar fáil go héasca, solúbthacht maidir le modhanna ina ndéantar gearán agus socruithe spásúla agus/nó tacaíocht do lucht gearáin le sainriachtanais nó deacrachtaí teanga (m. sh. teangairí)

3. Freagrúlacht
   Ba chóir admháil a thabhairt don ngearánach láithreach maidir le gach gearán a fhaightear. Ba chóir déileáil le gearáin go pras. Ba chóir caitheamh le gearánaigh go cúirtéiseach agus iad a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéantar tríd an bpróiseas láimhseála ghearáin.

4. Oibiachtúlacht
   Ba chóir déileáil le gach gearán ar shlí chothromasach, oibiachtúil neamhchlaonta

5. Táillí
   Ba chóir rochtain ar an bpróiseas láimhseála ghearáin a bheith saor in aisce don ngearánach.

6. Rúndacht
   Eolas faoin ngearánach nó faoin scoláire lena mbaineann atá inaitheanta go pearsanta, ba chóir é a bheith ar fáil más gá, ach níor chóir é a bheith ar fáil ach amháin chun déileáil leis an ngearán laistigh den scoil. Ba chóir é a chosaint go gníomhach ar nochtadh ach amháin má thoilíonn an gearánach go sainráite gur féidir é a nochtadh.

7. Imscrúdú
   Ba chóir iarracht réasúnta a dhéanamh chun na cúinsí go léir a imscrúdú a bhaineann leis an bhfadhb atá ardaithe.

8. Dírithe ar an tuismitheoir/scoláire
   Ba chóir don scoil glacadh le cur chuige atá dírithe ar an gcustaiméir agus tiomantas a léiriú i ndáil le gearáin a réiteach trína cuid bearta

9. Réiteach agus Cúiteamh
   Tar éis leibhéal cuí imscrúdaithe a bheith déanta ba chóir don scoil freagra a thairiscint, mar shampla, an fhadhb a cheartú agus bearta a ghlacadh chun nach dtarlóidh an rud céanna amach anseo. Ba chóir an cinneadh nó an beart a ghlactar maidir leis an ngearán a chur in iúl don ngearánach a luaithe agus atá an cinneadh nó an beart glactha.

10. Cuntasacht
    Ba chóir don scoil a chinntiú go bhfuil cuntasacht agus tuairisciú i dtaobh bearta agus cinntí na scoile maidir le láimhseáil an ghearáin curtha ar bun go soiléir.